

SIAMSÁN SA MBAILE!

Brioscaí le Smarties

Gníomhaíocht í seo don teaghlach. Iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi 18 mbliana d'aois.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir an leathanach a scanadh nó pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 10 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Neam Neam: Brioscaí le Smarties

- Comhábhair
- 115g Siúcra donn
- 115g Im
- 170g Plúr
- 100g Smarties
- 15g Síoróip órga (nó spúnóg bhoird amháin)

Modh

1. Réamhthéigh an t-oigheann go 180C, 350F nó Gás 4.
2. Buail an t-im agus an siúcra ina chéile go dtí go mbeidh an meascán éadrom agus imir gheal air.
3. Doirt an tsíoróip órga isteach sa mheascán agus measc é.
4. Déan an plúr a chriathrú isteach sa mheascán.
5. Le spúnóg, cuir an meascán ina chnapáin chiorclacha ar thráidire a bhfuil páipéar gréiscdhíonach curtha agat air, agus fág bearna 4cm eatarthu.
6. Leag roinnt smarties ar bharr gach briosca, á mbrú síos lena chinntiú nach dtitfidh siad díobh le linn na bácála.
7. Déan iad a bhácáil ar feadh 10 mbomaite go dtí go mbeidh cuma órga orthu
8. Tóg as an oigheann iad agus fág ar an tráidire iad le fuarú ar feadh 10 mbomaite sula gcuirfear ar raca sreinge iad.
9. Bain sásamh as do chuid oibre!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta